# Glór Uí Néill

**Eagrán 7: Téarma 1– 2019**

## Accelerated English




The pupils took to the school's new Accelerated English Programme with amazing enthusiasm. Virtually every pupil reached their target for the first term, with a number of pupils surpassing their targets by two, three or four hundred percent!

The software counts how many words each child has read over the term and you will not believe it but Sara in Primary 7 has read 910,178 words, Isabelle in P6 has read 761,835 words, Mollaí in P5 has read 155,110 words, while Fionnán in P4 has read 86,486 words. All in less than two months! Maith sibh uilig!

The children will receive new targets for the second term and, with a lot of new books from the Book Fair, let's hope the children are equally enthused throughout this term!



## Mná Thír Eoghain / Tyrone Ladies




Bhí an ghrian agus soilsiú agus bhí na bratacha ag séideadh sa ghaoth nuair a bhuail Sarah Jane agus Maria isteach sa scoil roimh Chluiche Cheannais na mBan in éadan Contae na Mí i Meán Fómhair. Bhí na daltaí iontach tógtha agus iad uilig ag dúil le grianghraf leis na cailíní. D'imigh siad leo agus rinne siad bulaí jab, ag baint 6-8 go 1-14, ag teacht ar ais roimh an Nollaig leis an Chorn féin.

*The sun was shining and the flags were blowing when Sarah Jane and Maria called down to the school in advance of the Ladies' Final against Meath in September. The children were so excited and the ladies were inundated with requests for photographs. Off they went and they duly got the job done, winning 6-8 to 1-14 and then returned to the school with the Mary Quinn Memorial Cup just before Christmas. Maith sibh a chailíní!*





**An bhfuil tú ag dul chuig an Chlub? / Are you going to the Club?**





This term's clubs were: Ealaín (Art), TFC (ICT), Scannán (Film) and Peil (Football).






## Cén Cód / Catching Code






Is minic a bhíonn eagla ar dhaoine atá giota beag níos sine roimh an teicneolaíocht agus, cé go mbíonn a fhios againn go mbíonn 'cód' ag baint le cláir agus aipeanna, ní aithneoimis píosa cóid dá mbeadh ár saol digiteach ag brath air.  Ní amhlaidh mar atá leis na daltaí, tá siad iomlán compordach leis an teicneolaíocht agus thig leo cód a úsáid lena gcluichí agus cartúin féin a dhéanamh.  Tá an todhchaí anseo!

*Many of us of an older generation are a bit frightened of modern technology and, while we are aware that apps and programmes are based on 'code', many of us would not recognise a piece of code if our digital lives depended on it!  Not true of the children, of course, they take to technology like pixelated ducks to pixelated water and can use code to create their own games, animations and memes.  The future is here!*



## Seachtain Fhrithbhulaíochta / Anti-bullying Week






Bhí Seachtain Fhrith-bhulaíochta giota beag difriúil i mbliana mar gur úsáid muid Wreck-it Ralph chun an bhulaíocht a fhiosrú (ag tabhairt ainmneacha, tromaíocht agus daoine a fhágáil amach) agus leis an tábhacht atá le difríocht sa saol. Comhghairdeas do na buaiteoirí den Chomórtas Ealaíne, Nathan ach go háirithe leis an sár-iarracht s'aige sa Chomórtas Póstaeir.

*Anti-bullying week was a bit different this year as we used Wreck-it Ralph as a means of exploring the different forms bullying can take (from name-calling to aggressive behaviour to leaving others out) and the importance of recognising and appreciating difference. Congratulations to all the winners of the Art Competition, but particularly Nathan in Rang 7 who put in a lot of effort with his Ralph-based Anti-bullying Poster.*






## An Scéimhle




Parents and pupils, once again, made a huge Halloween effort this year with some amazing costumes, some of which were quite horrific. The younger children enjoyed musical chairs and statues to spooky music while the older children just chilled to the music.



## The Horror





Ba mhór an iarracht a rinne páistí agus a dteaghlaigh d'Oíche Shamhna. Ar scoil bhí cluichí, súgradh agus duaiseanna do na cultacha is fearr.





## We Wish You a Merry Christmas







## Beannachtaí na Nollag Daoibh Uilig Go Léir



D'fhan muid sa bhaile don Nollaig i mbliana agus bhí seónna den scoth againn inár halla mór atá chomh beag le stábla, le hAonach Nollag agus Leabhar ann ag an am céanna. Bhí geamaireacht sa scoil do na páistí beaga agus chuaigh na páistí móra chuig Ard Mhacha. Le Lá na nGeansaithe, Dinnéar na Nollag, na cártaí agus na mugaí, agus Seirbhís Charúil ag Rang 7 i Stórás Newell, chuir muid tús maith leis an Nollaig.

*We stayed at home this Christmas and had some lovely seasonal performances in our stable-sized school hall, with Christmas Fair and Book Fair on the same day. We also had an in-house pantomime for the younger children and a trip to Armagh to see Aladdin for the older children. With Christmas jumper day, a really nice Christmas Dinner, Christmas cards and mugs and a walk with the P7s into town for Carol singing in Newell Stores, Seachtain na Nollag got us all into the festive spirit!*







## Dioscó Anseo / Disco's Here



*Friday night is disco night. This term, we held our first discos for the pupils in Clonoe Community Centre. The turnout was very good on both occasions with the children more interested in the tuck-shop than the dance floor.*

Bhí cúpla dioscó againn an téarma seo i gCumann Uí Raithille, leis an iliomad páistí a tháinig ag damhsa, ag súgradh agus ag ithe barraíocht milseán ón siopa beag.











## Maith Sibh / Well Done






Bionn na daltaí ag dúil le Tionól Dé Máirt mar a dtig leo teastas a fháil; do thinreamh foirfe, obair mhaith, ag caint i nGaeilge nó do Léamh Mór an tSamhraidh.

*The pupils look forward to Tuesday Morning Assembly where they could receive a certificate: for full attendance, good work, speaking Irish or the Big Summer Read. Check out the school website for our weekly certificate winners... www.gaelscoiluineill.com.*





## Mata go Gasta / Math Facts in a Flash






Following on from the success of Accelerated Reader, pupils from Primaries 5, 6 and 7 will have the opportunity to brush up on their maths skills with Math Facts in a Flash from Renaissance Learning. The pupils will work through a range of maths areas until they are ready for their quiz; they will need to get 40 questions right in two minutes! The quizzes are in English and the pupils can work on them at home, on a computer, laptop, tablet or even a smart phone.

# Iar-dhaltaí / Past Pupils











Once again, one of our past pupils, Orlaith O'Hagan, achieved the award for highest score in GCSE Irish in the North of Ireland this year at the age of 14. Orlaith played Anna in our production of Frozen a few years ago, it is clear that she did not 'freeze' during any of the papers she sat for Irish as she scored 100% in the exam. Comhghairdeas a Orlaith!

We also welcomed back Amy and Eilish, also pupils of Scoil Iósaef, Donaghmore, on Work Experience this term. They had a really fun time working with Caoimhe in the Naíscoil. Good luck with your exams, a chailíní!

# Fócas ar / Focus on: Damien Mór

*Damien (Mór) O'Neill is Cairde Uí Néill's Irish Language Development Officer, employed through Foras na Gaeilge. He organizes the Irish classes for parents in school on a Monday night, as well as a great many cultural events in and around the town (take a look at their website www.cairdeuineill.com). Damien started learning Irish when his son Oisín started Gaelscoil Uí Néill in 2004, followed by Elli in 2006 and, this year, he was awarded a First Class Honours Degree in Irish Studies from the University of Ulster. Comhghairdeas, a Dhamien Mhóir!*



Comhghairdeas do Damien Mór a bhain Céim Chéad Onórach amach i mbliana sa Léann Éireannach. Thosaigh Damien ag foghlaim na Gaeilge nuair a thosaigh an mac s'aige, Oisín, ar an scoil i 2004, lena iníon Elli ag teacht cúpla bliain ina dhiaidh sin. Oibríonn Damien mar Oifigeach Forbartha Gaeilge in Oileán an Ghuail, féach www.cairdeuineill.com do na himeachtaí iontacha a eagraíonn sé.

## Oglaigh na Gaelscoile / Gaelscoil Volunteers



Tá neart oglach cláraithe leis an scoil faoi láthair, ach ba mhaith linn buíochas ar leith a thabhairt do Martina, Lavina agus Lynda a chaith cuid mhór ama ag obair sna ranganna comhdhéanta. Más amhlaidh go mbíonn siad ag obair sna ranganna leis na daltaí, ag dul leis na múinteoirí ar thurais, nó ag cuidiú leis an Aonach Nollag, chuidigh na hoglaigh leis na giorruithe a bhí ag an scoil i mbliana.

*We have quite a few volunteers on our books now, AccessNI checked and with appropriate Safeguarding Training, but a particular thanks to Martina, Lavina and Lynda who have spent a lot of time in the school this term, working mostly in the composite classes. Whether it is working in class with the children, accompanying the teachers on trips, or helping organize the Christmas Fair, our volunteers have gone a long way to off-setting the cutbacks the school has faced this year.*

# go raibh maith agaibh





## Dúil sa tSiúl / Keeping on Walking







Cé go raibh siad ag gearán ag an tús, go háirithe ó Rang 1, bíonn gach duine ag dúil leis an tsiúlóid 1km thart ar an scoil gach lá. Tugann sé seans imeacht ón seomra ranga, labhairt le cairde agus aclaíocht a dhéanamh.

*While there was a bit of grumbling at the start, particularly from the P1 pupils, everyone looks forward now to walking a kilometre around the school every day. It's a chance to get out of the classroom and catch up with friends, while getting some very important exercise.*



## An Spórtaton / The Sportathon



Thig le Meán Fómhair bheith fada do na páistí agus is maith linn an mhí a bhriseadh suas leis an Spórtaton. Ghlac Cathal sealbh ar rudaí agus chuaigh an lá go maith le gach dalta sa scoil, ón Naíscoil go Rang 7 ag glacadh páirte sna gníomhaíochtaí: bac-rás, caitheamh fada, cic fada, poc fada agus an cic éirice, a bhain Cathair i Rang 7.

*September can be a long month for the children, so we try to break it up with our annual Sportathon. Cathal took charge this year and the day went smoothly as all the children, from Naíscoil to P7 took part in a range of sporting activities: obstacle course, long throw, long kick, poc fada and the ever-popular penalty shoot-out, won by Cathair in Primary 7. Thanks to Garry for the sporting goody bags.*








